Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Eanáir 2019**
**(OR. en)**

**5110/19**

**COLAC 5**
**CFSP/PESC 10**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5109/19 COLAC 4 CFSP/PESC 9 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Nicearagua<br>- Conclúidí ón gComhairle (21 Eanáir 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Nicearagua, arna nglacadh ag an gComhairle Gnóthaí Eachtracha ag an gcruinniú a bhí aici ar an 21 Eanáir 2019.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE NICEARAGUA

**An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha, 21 Eanáir 2019**

1. Meabhraítear don Aontas Eorpach na dearbhuithe éagsúla de chuid an Aontais maidir le Nicearagua agus ráitis an Ard-Ionadaí/Leas-Uachtaráin ó mhí Aibreán 2018 i leith, nuair a chuir na fórsaí slándála agus grúpaí armtha atá ar son an rialtais léirsithe faoi chois go brúidiúil, agus nuair a tharla caismirtí mar thoradh air sin inar maraíodh agus gortaíodh na céadta, a gabhadh na céadta saoránach, agus a bhí neamhrialtacht agus treallachas forleathan sna imeachtaí coinneála agus breithiúna.

2. Maidir leis na bearta a rinneadh le déanaí atá dírithe ar eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta agus ar na meáin neamhspleácha, is buille eile iad ar an daonlathas, ar chearta an duine agus ar shaoirsí sibhialta, a chuireann leis an ngéarchéim pholaitiúil agus shóisialta.

3. Cáineann an tAontas go láidir brú faoi chois lucht an phreasa agus na sochaí sibhialta agus úsáid na ndlíthe frithsceimhlitheoireachta chun tuairimí easaontacha a chur faoi chois i Nicearagua. Mar thoradh ar chlárú dlíthiúil roinnt eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta a chur ar ceal agus ruathair neamhdhleathacha ar eagraíochtaí neamhspleácha de chuid na meán, mar aon leis na bearta a tharla roimhe sin chun an agóidíocht a choiriúlú, cruthaítear timpeallacht nach n-áirithíonn cearta bunúsacha a aithnítear ar bhonn bunreachtúil, cearta amhail an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus an tsaoirse chun comhthionóil, an tsaoirse saorghluaiseachta, *Habeas Corpus* agus an ceart chun trialach cothroime.

4. Díreach mar a thacaigh an tAontas leis na hiarrachtaí réigiúnacha chun cuntasacht a áirithiú as gach coir a rinneadh ó mhí Aibreáin 2018 ar aghaidh, is cuma cé a rinne, is olc leis an Aontas gur cuireadh an Sásra Faireacháin Speisialta (MESENI) ar fionraí agus gur foirceannadh an sainordú a bhí ag an nGrúpa Idirdhisciplíneach Saineolaithe Neamhspleácha (GIEI) de chuid an Choimisiúin Idir-Mheiriceánaigh um Chearta an Duine (IACHR). Iarrann an tAontas ar rialtas Nicearagua comhoibriú ar bhealach cuiditheach le IACHR, lena chomhlachtaí agus le meitheal Eagraíocht na Stát Meiriceánach, dálaí a rathú chun go bhfeidhmeoidh siad mar is ceart, agus ligean d'Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine de chuid na Náisiún Aontaithe filleadh. Ní ann don athmhuintearas gan idirphlé náisiúnta trédhearcach, cuimsitheach agus cuiditheach i measc na bpáirtithe uile lena mbaineann nó gan ceartas a thabhairt do na híospartaigh uile.

5. Creideann an tAontas nach bhfuil aon bhealach eile ann chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim reatha agus chun freastal ar riachtanais agus mianta práinneacha mhuintir Nicearagua ach fíor-idirphlé agus caibidlíocht a dhéanamh lena n-áirítear athchóirithe toghchánacha a ghlacadh chun toghcháin inchreidte, a thagann le caighdeáin idirnáisiúnta daonlathacha, a áirithiú. Is oth leis an Aontas go bhfuil calcadh sna hathchóirithe toghchánacha a chuir Eagraíocht na Stát Meiriceánach chun cinn. Dá bharr sin, tathantaíonn an tAontas ar rialtas Nicearagua dul i mbun fíorphróiseas idirphlé atá dírithe ar thorthaí agus tá sé réidh i gcónaí le tacú le hidirghabháil atá inghlactha do na geallsealbhóirí agus le hathchóirithe toghchánacha.

6. Iarrann an tAontas freisin ar na húdaráis deireadh a chur leis an mbrú faoi chois ar léirsithe poiblí, ar na meáin agus ar iriseoirí neamhspleácha agus ar eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta; slándáil fhisiciúil a gcomhaltaí a ráthú agus a stádas dlíthiúil a athbhunú; iad siúd a cuireadh i bpríosún go neamhdhleathach a scaoileadh saor agus próis chuí agus cóir chothrom ag gach céim a áirithiú.

7. Leanfaidh an tAontas d'fhaireachán géar a dhéanamh ar chúrsaí agus cuireann sé i bhfios go láidir go bhfuil sé réidh gach ionstraim bheartais a úsáid chun rannchuidiú le réiteach síochánta idirbheartaithe a fháil ar an ngéarchéim agus chun frithghníomhú in aghaidh aon mheathlú eile ar chearta an duine agus ar an smacht reachta.